An Breatimeacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin mBreatimeacht agus na hiarmhairtí a bheidh i ndán do Thuaisceart Éireann dá bharr.

Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh a bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an mír den chéad uair agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. An raibh aon fhocal nár thuig sibh?

Ceist 3 **A**. Féach ar an stór focal seo anois sula bhfeacfaidh sibh ar an mír den dara huair. An dtuigeann sibh gach focal?

- ag géilleadh
- cúltaca
- teorainn chrua
- go hainnis
- an athuair
- tiomanta
- conradh aistarraingthe
- cruinniú mullaigh

B. Cad a bhí le rá ag Leo Varadkar, Micheál Martin, Arlene Foster agus Theresa May sa mhír?

Ceist 4 Féach ar na hainmfhocail seo a bhí sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

Breatain, teorainn, Eoraip, maidin, tír, eacnamaíocht, barúil, súil (eye), Parlaimint, idirbheartaíocht, Céadaoin

Athscríobh na hainmfhocail sna boscaí cuí anois sa tábla thíos agus an t-alt leo. Lean na samplaí atá déanta.

an tsráid	*an bhialann*	*an úsáid*	*an dánlann*

Ceist 5 '…seacht **g**céad <u>teach</u>…'

1. Cén fáth a bhfuil urú ar an ainmfhocal 'céad'?
2. Cén fáth a bhfuil an t-ainmfhocal 'teach' san uimhir uatha?
3. Scríobh amach na samplaí seo i bhfocail:

7 (bád) _____
13 (cáca) _____
30 (cóipleabhar) _____
57 (bord) _____
99 (balún dearg) _____
223 (cathaoir) _____
1,387 (bó) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Samhlaigh gur casadh eachtrannach ort a d'fhiafraigh díot míniú a thabhairt ar an mBreatimeacht. Cad a déarfá?
2. Cad atá i ndán do Thuaisceart Éireann tar éis an Bhreatimeachta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair gan aon réamhobair déanta acu ar an stór focal roimh ré.

Ceist 3

A.

ag géilleadh – *surrendering*
cúltaca - *backstop*
teorainn chrua – *hard border*
go hainnis – *awful*
an athuair – *(over) again*
tiomanta – *determined*
conradh aistarraingthe – *withdrawal agreement (contract)*
cruinniú mullaigh – *summit*

B.

Féach an script.

Ceist 4

Tá na focail baininscneach.

An tsráid **(t ar s)** *an tsúil*	**An fhuinneog** **(séimhiú ar chonsan)** *an Bhreatain* *an mhaidin* *an bharúil* *an Pharlaimint* *An Chéadaoin*	**An áit** **(níl aon athrú ar ghuta)** *an Eoraip* *an eacnamaíocht* *an idirbheartaíocht*	**An dánlann** **(na dentals)** *an teorainn* *an tír*

Ceist 5

1. Cuirtear urú ar an ainmfhocal tar éis na n-uimhreacha seacht, ocht, naoi agus deich.
2. An tuiseal ainmneach uatha den ainmfhocal a chuirtear tar éis na ndeicheanna.
3. Féach:

7 (bád)	*seacht mbád*
13 (cáca)	*trí cháca dhéag*
30 (cóipleabhar)	*tríocha cóipleabhar*
57 (bord)	*seacht mbord is caoga* ***nó*** *caoga a seacht bord*
99 (balún dearg)	*naoi mbalún dhearga is nócha* ***nó*** *nócha a naoi balún dearg*
223 (cathaoir)	*dhá chéad fiche is trí chathaoir nó dhá chéad fiche a trí cathaoir*
1,387 (bó)	*míle trí chéad ochtó is seacht mbó* ***nó*** *míle trí chéad ochtó a seacht bó*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar nach bhfuil an Rialtas sásta géilleadh do[1] na geallúintí[2] atá déanta ag an mBreatain faoin gcúltaca, geallúintí is ea iad seo atá dírithe ar theorainn chrua a sheachaint sa Tuaisceart, más rud é go bhfágann an Ríocht Aontaithe an Eoraip gan aon socrú a bheith déanta. Dúirt Leo Varadkar nach dóigh leis go dtarlódh sé sin mar go mbeadh sé tubaisteach don mBreatain[3].

Sorcha Ní Riada
Agus é ag labhairt agus togra le seacht gcéad teach a thógáil[4] i nGairdíní Uí Dhuibheannaigh i gCathair Bhaile Átha Cliath ar maidin, dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar, nach gcreideann sé go bhfágfaidh an Bhreatain an tAontas Eorpach gan aon socrú déanta. Dúirt sé go mbeadh sé seo olc go leor don Eoraip agus go hainnis don dtír[5] seo, ach go mbeadh sé tubaisteach ar fad don mBreatain[6] féin. Dúirt sé go raibh sé i dteangmháil[7] le Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, inné agus gur gheall sí dó an athuair go bhfuil sí tiomanta le socrú a dhéanamh ina mbeidh cúltaca mar chuid den chonradh aistarraingthe, agus go mbeadh sé in ann feidhmiú de réir dlí.

Idir an dá linn bhí ceannaire an DUP, Arlene Foster, i mBaile Átha Cliath, áit ar bhuail sí le ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, tráthnóna agus beidh dinnéar aici leis an dTaoiseach anocht.

Micheál Martin TD, Ceannaire Fhianna Fháil
I mo thuairimse, tuigeann an DUP an tionchar a bheidh ag droch*Brexit* ar chúrsaí eacnamaíochta an Tuaiscirt. Tuigeann siad iad sin agus seo mo bharúil féin, tá siad ag súil go mbeidh réiteach na faidhbe seo le teacht. Ach, níl siad róchinnte b'fhéidir cén saghas réitigh a bheidh ann.

Sorcha Ní Riada
Dúirt Arlene Foster í féin go gcaithfidh an Ríocht Aontaithe ar fad an tAontas Eorpach a fhágaint[8] ag an am céanna. Agus, dúirt sí an athuair nach féidir glacadh le haon bhac idir Tuaisceart[9] Éireann agus an Bhreatain.

Sa mBreatain[10], dúirt Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, le Parlaimint Westminster go bhfuil dul chun cinn déanta san idirbheartaíocht. Dúirt sí leis, go bhfuiltear ag féachaint ar réiteach a fháil sa Ríocht Aontaithe ina iomláine maidir leis an gcúltaca. Má chaithfear úsáid a bhaint as an gcúltaca, dúirt sí gur socrú sealadach a bheadh ann.

Tá stop sealadach curtha leis an idirbheartaíocht idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach[11] cúpla lá roimis[12] cruinniú mullaigh a bheidh ar siúl ar an gCéadaoin agus Déardaoin seo chugainn.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean

---

[1] *ar* a dúradh
[2] *gealltanais* an leagan caighdeánach
[3] Córas na Mumhan
[4] *thógaint* a dúradh
[5] Córas na Mumhan
[6] Córas na Mumhan
[7] *teagmháil* an leagan caighdeánach
[8] *fhágáil* an leagan caighdeánach
[9] *Thuaisceart* a dúradh
[10] *sa Bhreatain* an leagan caighdeánach
[11] *idir an mBreatain agus an Aontas Eorpach* a dúradh
[12] *roimh* an leagan caighdeánach